2025/1463

28.7.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1463 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Bealtaine 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fochatagóirí laistigh de theicneolaíochtaí glan-nialasachta a shainaithint agus liosta na gcomhpháirteanna sonracha a úsáidtear le haghaidh na dteicneolaíochtaí sin

(Téacs atá ábartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 ([1]) agus go háirithe Airteagal 46(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán(AE) 2024/1735 bunaíodh creat dlíthiúil lena neartaítear athléimneacht an Aontais agus slándáil sholáthar an Aontais i réimse na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta, trí acmhainneacht an Aontais maidir le monaraíocht, cur in úsáid agus nuálaíocht sa réimse sin a fheabhsú.

(2) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán(AE) 2024/1735, leagtar amach ar bhealach neamh-uileghabhálach liosta na gcomhpháirteanna sonracha a mheastar a bheith in úsáid go príomha chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a tháirgeadh.

(3) D'fhéadfadh comhpháirteanna sonracha agus innealra sonrach nach áirítear sa liosta sin teacht faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2024/1735 fós i gcás inar féidir leis an tionscnóir tionscadail cruthúnas, mar shampla staidéir mhargaidh nó comhaontuithe ceannaigh, a thabhairt d'údarás inniúil náisiúnta lena léirítear go n-úsáidtear na comhpháirteanna sonracha nó an t-innealra sonrach go príomha chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a tháirgeadh.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú cuimsitheach bunaithe ar anailís mhodheolaíoch ar shlabhraí soláthair na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta. Cuireadh san áireamh sa mheasúnú sin go háirithe infhaighteacht tráchtála na gcomhpháirteanna, an leibhéal iomchuí mionsonraí agus forbairtí sa teicneolaíocht.

(5) Chun comhpháirteanna sonracha a mheastar a bheith in úsáid go príomha chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a tháirgeadh a shainaithint, cuireadh ceithre chritéar i bhfeidhm sa mheasúnú, is iad sin a gcineál sonrach; a n-infhaighteacht tráchtála; go n-úsáidtear i gcónaí iad go príomha le haghaidh an táirgthe sin; agus a dtréith riachtanach. Mar chéad chéim, rinneadh gach ceann de na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus, i gcás inar gá, na fochatagóirí, a shainiú a thuilleadh trí úsáid a bhaint as na critéir a liostaítear thuas agus i gcomhréir le sainmhínithe ar na teicneolaíochtaí glan-nialasachta sin i Rialachán (AE) 2024/1735. Mar dhara céim, rinneadh anailís ar gach fochatagóir chun na comhpháirteanna a chomhlíonann na ceithre chritéar a úsáideadh a shainaithint. Measadh comhpháirteanna a chomhlíonann na critéir sin a bheith in úsáid go príomha chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a tháirgeadh.

(6) Ba cheart colún breise 'Táirgí deiridh' a chur isteach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1735 chun críoch míniúcháin. Leis an gcolún breise sin, is féidir na heilimintí ar liosta na gcomhpháirteanna a úsáidtear go príomha a chur i gcomhthéacs agus dá bhrí sin feabhsaítear sothuigtheacht na hIarscríbhinne.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2024/1735 a leasú dá réir,

([1]) IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1735.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Liosta de tháirgí deiridh agus de chomhpháirteanna sonracha a mheastar a bheith in úsáid go príomha chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a tháirgeadh.

	Fochatagóirí de theicneolaíochtaí glan-nialasachta	Táirgí deiridh	Comhpháirteanna a úsáidtear go príomha chun críoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta
Teicneolaíochtaí gréine	Teicneolaíochtaí fótavoltacha	— Córais fhótavoltacha ghréine	— Polaisileacón de ghrád fótavoltach — Tinní sileacóin de ghrád fótavoltach nó a gcoibhéis ([1]) — Sliseoga fótavoltacha nó a gcoibhéis ([1]) — Cealla fótavoltacha nó a gcoibhéis ([1]) — Gloine gréine — Imchochláin fhótavoltacha — Ribíní fótavoltacha — Cúl-leatháin fhótavoltacha — Nascóirí fótavoltacha — Boscaí comhchumair fótavoltacha — Modúil fhótavoltacha — Inbheartóirí fhótavoltacha — Rianairí fótavoltacha agus a struchtúir ghléasta
	Teicneolaíochtaí grianteasa leictreacha	— Gléasra dírithe grianteasa (CSP)	— Frithchaiteoirí CSP — Rianairí CSP agus a struchtúir ghléasta — Glacadóirí CSP (pointe nó líne)
	Teicneolaíochtaí grianteasa	— Córais grianteasa theirmigh	— Tiomsaitheoirí teirmeacha grianteasa (lena n-áirítear tiomsaitheoirí leacaithe, tiomsaitheoirí feadán folmhaithe, córais dírithe agus tiomsaitheoirí aeir) — Ionsúirí grianteasa theirmigh — Gloine gréine — Rianairí grianteasa theirmigh agus a struchtúir ghléasta
	Teicneolaíochtaí gréine eile	— Tiomsaitheoirí fótavoltacha-teirmeacha	
Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír agus teicneolaíochtaí in-athnuaite amach ón gcósta	Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír	— Tuirbíní gaoithe ar tír	— Naoisilí (cóimeáil) — Córais luascála — Córais chlaonta — Moil rótair — Príomhimthacaí, imthacaí luascála agus imthacaí claonta — Coscáin luascála — Coscáin rótair — Gléasra cumhachta gan ghiar (gineadóir san áireamh) agus/nó gléasraí cumhachta giarbhosca (gineadóir san áireamh) — Buanmhaighnéid tuirbíní gaoithe — Giarbhoscaí tuirbíní gaoithe — Lanna — Túir

	Fochatagóirí de theicneolaíochtaí glan-nialasachta	Táirgí deiridh	Comhpháirteanna a úsáidtear go príomha chun críoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta
	Teicneolaíochtaí gaoithe amach ón gcósta	— Tuirbíní gaoithe amach ón gcósta	— Naoisilí (cóimeáil) — Córais luascála — Córais chlaonta — Moil rótair — Príomhimthacaí, imthacaí luascála agus imthacaí claonta — Coscáin luascála — Coscáin rótair — Gléasra cumhachta gan ghiar (gineadóir san áireamh) agus/nó gléasraí cumhachta giarbhosca (gineadóirí san áireamh) — Buanmhaighnéid tuirbíní gaoithe — Giarbhoscaí tuirbíní gaoithe — Lanna — Túir — Bunsraitheanna / snámháin
	Teicneolaíochtaí in-athnuaite eile amach ón gcósta	— Teicneolaíochtaí fuinnimh srutha taoide — Teicneolaíochtaí fuinnimh tonnta	
Teicneolaíochtaí ceallraí agus stórála fuinnimh	Teicneolaíochtaí ceallraí	— Ceallraí ([2])	— Ceallra-phacaí — Modúil ceallraí — Cealla ceallraí — Ábhair ghníomhacha chatóide — Ábhair ghníomhacha anóide — Leictrilítí — Deighilteoirí — Ceanglóirí — Tiomsaitheoirí cumhachta (lena n-áirítear scragaill chopair thanaí, alúmanaim, nicile agus charbóin) — Córais bainistithe ceallra — Córais bainistíochta teirmí ceallra
	Teicneolaíochtaí stórála leictriceimicí	— Ultrathoilleoirí / sárthoilleoirí — Stóráil fuinnimh sreafa ocsdí	— Leictrilítí — Deighilteoirí — Tiomsaitheoirí — Plátaí leictreoide

	Fochatagóirí de theicneolaíochtaí glan-nialasachta	Táirgí deiridh	Comhpháirteanna a úsáidtear go príomha chun críoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta
	Teicneolaíochtaí stórála imtharraingtí	— Hidreastóráil phumpála	— Hidreatuirbíní iniompaithe agus reathairí caidéil iniompaithe — Dáileoirí ag a bhfuil eití treoracha — Hidreachomhlaí féileacáin móra — Hidreachomhlaí sféarúla móra — Hidreachomhlaí sceite tollscairde móra
	Teicneolaíochtaí stórála fuinnimh theirmigh	— Córais stórála fuinnimh theirmigh	— Meáin stórála teasa inbhraite agus stórála teasa folaigh (lena n-áirítear ábhair a athraíonn de réir a chéile agus salainn leáite) — Ábhair stórála teirmiceimicí
	Teicneolaíochtaí stórála fuinnimh gáis chomhbhrúite/ leachtaithe	— Stóráil fuinnimh le haer comhbhrúite — Stóráil fuinnimh le haer leachtach	
	Teicneolaíochtaí stórála fuinnimh eile	— Stóráil fuinnimh rotha lústair	— Rótair rotha lústair
Teaschaidéil agus teicneol-aíochtaí fuinnimh gheoiteirm-igh	Teicneolaíochtaí teaschaidéal	— Teaschaidéil	— Teaschaidéil — Comhlaí ceithre bhealach — Comhbhrúiteoirí scrollála/comhbhrúiteoirí rothlacha teaschaidéil
	Teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh	— Gléasraí cumhachta geoiteirmeacha — Córais gheoiteirmeacha úsáide dírí	— Teasmhalartóirí atá frithsheasmhach in aghaidh dálaí oibriúcháin creimneacha geoiteirmeacha — Caidéil intumtha atá frithsheasmhach in aghaidh dálaí oibriúcháin creimneacha geoiteirmeacha — Caidéil athinsteallta sáile
Teicneol-aíochtaí hidrigine	Leictrealóirí	— Leictrealóirí alcaileacha	— Cruacha — Deighilteoirí (spiara nó scannáin atá saincheaptha le haghaidh leictrealú uisce) — Plátaí dépholacha agus ceannphlátaí — Leictreoidí — Leictrachatalaígh atá barrfheabhsaithe le haghaidh leictrealóirí — Frámaí agus cásáil le haghaidh cóimeáil cruaiche leictrealóra — Gaiscéid / séaltáin

	Fochatagóirí de theicneolaíochtaí glan-nialasachta	Táirgí deiridh	Comhpháirteanna a úsáidtear go príomha chun críoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta
		— Leictrealóirí scannáin prótónmhalartúcháin (Leictrealóirí PEM)	— Cruacha — Cóimeálacha leictreoide scannáin (3-shraith) /scannáin atá brataithe le catalaígh — Sraitheanna póiriúla iompair / cisil idirleata gáis — Plátaí dépholacha agus ceannphlátaí — Leictrachatalaígh atá barrfheabhsaithe le haghaidh leictrealóirí — Frámaí agus cásáil le haghaidh cóimeáil cruaiche leictrealóra — Gaiscéid / séaltáin
		— Leictrealóirí scannáin ainianmhalartúcháin	— Cruacha — Cóimeálacha leictreoide scannáin (3-shraith) /scannáin atá brataithe le catalaígh — Sraitheanna póiriúla iompair / cisil idirleata gáis — Plátaí dépholacha agus ceannphlátaí — Leictrachatalaígh atá barrfheabhsaithe le haghaidh leictrealóirí — Gaiscéid / séaltáin — Frámaí agus cásáil is gá le haghaidh cóimeáil cruaiche leictrealóra
		— Leictrealóirí ocsaíde soladaí	— Cruacha — Leictrilítí agus leictreoidí — Gaiscéid / séaluithe ardteochta — Idirnascairí / mogaill agus ceannphlátaí — Leictrachatalaígh atá barrfheabhsaithe le haghaidh leictrealóirí — Sraitheanna teagmhála — Frámaí agus cásáil is gá le haghaidh cóimeáil cruaiche leictrealóra
	Breosla-chill hidrigine	— Breosla-chealla scannáin prótónmhalartúcháin	— Cruacha — Cóimeálacha leictreoide scannáin (3-shraith) /scannáin atá brataithe le catalaígh — Sraitheanna póiriúla iompair / cisil idirleata gáis — Plátaí dépholacha agus ceannphlátaí — Gaiscéid / séaltáin — Leictrachatalaígh atá barrfheabhsaithe le haghaidh breosla-cheall — Frámaí agus cásáil is gá le haghaidh cóimeáil cruaiche breosla-cheall

	Fochatagóirí de theicneolaíochtaí glan-nialasachta	Táirgí deiridh	Comhpháirteanna a úsáidtear go príomha chun críoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta
		— Breosla-chealla oscsaíde soladaí	— Cruacha — Leictrilítí agus leictreoidí — Gaiscéid / séaltáin ardteochta — Idirnascairí / mogaill agus ceannphlátaí — Sraitheanna teagmhála — Leictrachatalaígh atá barrfheabhsaithe le haghaidh breosla-cheall — Frámaí agus cásáil is gá le haghaidh cóimeáil cruaiche breosla-cheall
	Teicneolaíochtaí hidrigine eile	— Gréasáin tarchurtha agus dáileacháin hidrigine	— Comhbhrúiteoirí hidrigine — Stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine — Píblínte le haghaidh tarchur agus dáileadh hidrigine — Braiteoirí hidrigine — Comhlaí hidrigine
		— Saoráidí stórála hidrigine	— Umair stórála hidrigine ar bord — Comhlaí hidrigine ar an tanc — Umair stórála hidrigine do-aistrithe
		— Gléasra chun hidrigin a thiontú go hamóinia agus a eastóscadh ó amóinia	— Scoilteoirí amóinia
Teicneolaíochtaí inbhuanaithe bithgháis agus bithmheatáin	Teicneolaíochtaí inbhuanaithe bithgháis	— Monarchana bithgháis inbhuanaithe	— Díleáiteoirí anaeróbacha / umair choipthe — Einsímí agus miocrorgánaigh chun bithghás inbhuanaithe a tháirgeadh — Catalaígh chun bithghás inbhuanaithe a tháirgeadh
	Teicneolaíochtaí inbhuanaithe bithmheatáin	— Gléasraí bithmheatáin inbhuanaithe	— Díleáiteoirí anaeróbacha / umair choipthe — Einsímí agus miocrorgánaigh chun bithmheatán inbhuanaithe a tháirgeadh — Aonaid uasghrádaithe bithmheatáin — Catalaígh chun bithmheatán inbhuanaithe a tháirgeadh

	Fochatagóirí de theicneolaíochtaí glan-nialasachta	Táirgí deiridh	Comhpháirteanna a úsáidtear go príomha chun críoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta
Teicneolaíochtaí GSC	Teicneolaíochtaí gabhála carbóin	— Gabháil ionsúcháin — Gabháil asúcháin — Gabháil scannán — Gabháil timthriallta soladacha — Gabháil chrióiginice — Gabháil dhíreach ón aer	— Tuaslagóirí atá barrfheabhsaithe le haghaidh gabháil charbóin — Súiteáin atá barrfheabhsaithe le haghaidh gabháil charbóin — Comhbhrúiteoiri CO_2
	Teicneolaíochtaí stórála carbóin		
Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais	Teicneolaíochtaí eangaí leictreachais	— Fostáisiúin intíre — Fostáisiúin amach ón gcósta	— Cáblaí agus línte le haghaidh tarchur agus dáileadh leictreachais, agus cáblaí lena nasctar teicneolaíochtaí glan-nialasachta leis an eangach leictreachais (línte cumhachta lastuas, cáblaí faoi thalamh agus cáblaí faoin bhfarraige, lena n-áirítear HVDC agus TAAC) — Lascthrealamh — Scoradáin chiorcaid — Athsheachadáin chosanta — Claochladáin chumhachta — Dínascóirí — Inslitheoirí — Coscairí borrtha — Toilleoirí — Imoibreoirí — Córais busbharraí — Caibinéid leictreonacha — Fostáisiúin amach ón gcósta — Inbhéartóirí — Tiontairí
		— Túir tarchurtha agus dáilte leictreachais	— Túir tarchurtha agus dáilte leictreachais — Seoltóirí leictreacha (lena n-áirítear seoltóirí ardfhorbartha agus forsheoltóirí ardteochta) — Inslitheoirí — Coscairí borrtha — Córais busbharraí

	Fochatagóirí de theicneolaíochtaí glan-nialasachta	Táirgí deiridh	Comhpháirteanna a úsáidtear go príomha chun críoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta
		— Cáblaí, línte agus gabhálais lena mbaineann, le haghaidh tarchur agus dáileadh leictreachais, agus cáblaí lena nasctar teicneolaíochtaí glan-nialasachta leis an eangach leictreachais (línte cumhachta lastuas, cáblaí faoi thalamh agus cáblaí faoin bhfarraige, lena n-áirítear HVDC agus TAAC)	— Cáblaí agus línte le haghaidh tarchur agus dáileadh leictreachais, agus cáblaí lena nasctar teicneolaíochtaí glan-nialasachta leis an eangach leictreachais (línte cumhachta lastuas, cáblaí faoi thalamh agus cáblaí faoin bhfarraige, lena n-áirítear HVDC agus TAAC) — Gabhálais cáblaí, lena n-áirítear ailt cáblaí, foircinn cáblaí agus nascóirí — Seoltóirí leictreacha (lena n-áirítear seoltóirí ardfhorbartha agus forsheoltóirí ardteochta) — Inslitheoirí
		— Claochladáin chumhachta	— Claochladáin chumhachta — Croíthe claochladán — Tochráin claochladán — Athróirí tapa claochladán
	Teicneolaíochtaí luchtaithe feithiclí leictreacha le haghaidh iompair	— Trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha — Córais bóithre leictreacha ([3]) — Trealamh soláthair leictreachais cois cladaigh — Caitéine — Trealamh soláthair aeriompair leictrigh	— Trealamh soláthair le haghaidh feithiclí leictreacha — Nascóirí luchtaithe feithiclí leictreacha — Trealamh soláthair leictreachais cois cladaigh — Trealamh soláthair aeriompair leictrigh — Nascóirí luchtaithe aeriompair leictrigh
	Teicneolaíochtaí chun an eangach a dhigitiú agus teicneolaíochtaí eangaí leictreachais eile	— Trealamh agus comhpháirteanna leictreonaice cumhachta ardvoltais agus meánvoltais (lena n-áirítear teicneolaíocht srutha dhírigh) — Teicneolaíochtaí córais sholúbtha tarchurtha srutha ailtéarnaigh — Méadair chliste / ardbhonneagair méadraithe agus rialaithe	— Trealamh agus comhpháirteanna leictreonaice cumhachta ardvoltais agus meánvoltais (lena n-áirítear teicneolaíocht srutha dhírigh) — Teicneolaíochtaí córais sholúbtha tarchurtha srutha ailtéarnaigh — Córais uathoibrithe fostáisiúin — Méadair chliste / ardbhonneagair méadraithe agus rialaithe

	Fochatagóirí de theicneolaíochtaí glan-nialasachta	Táirgí deiridh	Comhpháirteanna a úsáidtear go príomha chun críoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta
Teicneolaíochtaí fuinnimh eamhnaithe núicléach	Teicneolaíochtaí fuinnimh eamhnaithe núicléach	— Stáisiúin chumhachta eamhnaithe núicléach	— Slata rialaithe agus córais nimhe neodrón eile — Gabhálas croíthe — Meicníochtaí tiomána slat rialaithe — Eilimintí breosla — Árthaigh imoibreora — Feistis inmheánacha imoibreora — Fuarthán/modhnóir agus córais íonúcháin ghaolmhara — Brúchóireoirí — Caidéil fuartháin imoibreora/athfhillteoirí gáis — Píobánra príomhúil agus comhlaí — Galtuirbíní — Gineadóirí gaile — Teasmhalartóirí núicléacha — Comhpháirteanna córais thánaistigh — Córais sábháilteachta — Córais faireacháin, ionstraimithe agus rialaithe — Meaisíní athbhreoslaithe — Córais tomhais agus braite núicléach — Comhpháirteanna eile atá faoi réir na gcód agus na gcaighdeán sábháilteachta núicléiche
	Teicneolaíochtaí timthrialla breosla núicléach	— Timthriallta breosla núicléach	— Lártheifneoirí — Córais láimhseála gáis agus córais rialaithe sreafa — Trealamh próiseála ceimicí — Trealamh gloinithe dramhaíola — Sorcóirí, gabhdáin agus bairillí iompair, stórála agus diúscartha — Tromuisce — Córais sábháilteachta — Córais faireacháin, ionstraimithe agus rialaithe — Comhpháirteanna eile atá faoi réir na gcód agus na gcaighdeán sábháilteachta núicléiche
Teicneolaíochtaí breoslaí malartacha inbhuanaithe	Teicneolaíochtaí breoslaí malartacha inbhuanaithe	— Gléasra breoslaí malartacha inbhuanaithe	— Catalaígh chun breoslaí malartacha inbhuanaithe a tháirgeadh — Einsímí agus miocrorgánaigh chun breoslaí malartacha inbhuanaithe a tháirgeadh

	Fochatagóirí de theicneolaíochtaí glan-nialasachta	Táirgí deiridh	Comhpháirteanna a úsáidtear go príomha chun críoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta
			— Imoibreoirí teirmiceimiceacha, leictriceimiceacha, ceimiceacha agus bithcheimiceacha / bitheolaíocha chun bithmhais, breoslaí carbóin athchúrsáilte a thiontú ina mbith-idirmheánaigh agus/nó ina ngás sintéiseach — Imoibreoirí agus aonaid iarchóireála chun bith-idirmheánaigh agus/nó gás sintéiseach agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a thiontú ina mbreoslaí malartacha inbhuanaithe
Teicneolaíochtaí hidreachumhachta	Teicneolaíochtaí hidreachumhachta	— Córais hidreatuirbíní	— Reathairí hidreatuirbíní — Dáileoirí ag a bhfuil eití treoracha — Hidreachomhlaí féileacáin móra — Comhlaí hidreasféarúla móra — Hidreachomhlaí sceite tollscairde móra
Teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite	Teicneolaíochtaí fuinnimh osmóisigh		
	Teicneolaíochtaí fuinnimh chomhthimpeallaigh (seachas teaschaidéil)		
	Teicneolaíochtaí bithmhaise	— Muilte millíní — Fáisceáin fáiscthe	— Díslí millíní — Cuasáin dlúthaithe fáiscthe
	Teicneolaíochtaí gáis láithreáin líonta		
	Teicneolaíochtaí gáis ionaid cóireála séarachais		
	Teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite		
Teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh	Teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh	— Córais bhainistíochta fuinnimh (CBF) — Córais uathoibrithe foirgnimh (CUF) — Freagairt uathoibríoch ar an éileamh (FUÉ)	— CBF — CUF — FUÉ — Tiomántáin luais inathraithe — Tuirbíní timthrialla orgánaigh den chineál Rankine

	Fochatagóirí de theicneolaíochtaí glan-nialasachta	Táirgí deiridh	Comhpháirteanna a úsáidtear go príomha chun críoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta
		— Tiomántáin luais inathraithe — Córais chumhachta timthrialla orgánaigh den chineál Rankine	
	Teicneolaíochtaí eangaí teasa agus fuachta	— Píbobair an chórais dáileacháin téimh agus fuaraithe	— Feisteoirí agus cúplairí píobán
	Teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh eile a bhaineann le córais fuinnimh		
Breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch	Teicneolaíochtaí breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch	— Gléasra teicneolaíochtaí breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch	— Imoibreoirí chun H_2 agus CO_2 nó N_2 a thiontú ina ngás sintéiseach nó ina n-alcóil — Imoibreoirí chun gás sintéiseach nó alcóil a thiontú ina mbreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch — Catalaígh, einsímí agus miocrorgánaigh chun breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a tháirgeadh
Réitigh bhiththeicneolaíochta aeráide agus fuinnimh	Réitigh bhiththeicneolaíochta aeráide agus fuinnimh	— Miocrorgánaigh agus tréithchineálacha miocróbacha (lena n-áirítear baictéir, giostaí, miocralgaí, fungais agus aircéabaictéir ach gan a bheith teoranta dóibh) a úsáidtear chun bunábhair a réamhchóireáil agus a thiontú ina mbithbhreoslaí, ina mbreoslaí carbóin athchúrsáilte agus ina mbreoslaí in-athnuaite, ina gceimiceáin charbóin bhithbhunaithe agus athchúrsáilte, ina mbithpholaiméirí, ina n-ábhair bhithbhunaithe agus ina dtáirgí bithbhunaithe	— Miocrorgánaigh agus tréithchineálacha miocróbacha (lena n-áirítear baictéir, giostaí, miocralgaí, fungais agus aircéabaictéir ach gan a bheith teoranta dóibh) a úsáidtear chun bunábhair a réamhchóireáil agus a thiontú ina mbithbhreoslaí, ina mbreoslaí carbóin athchúrsáilte agus ina mbreoslaí in-athnuaite, ina gceimiceáin charbóin bhithbhunaithe agus athchúrsáilte, ina mbithpholaiméirí, ina n-ábhair bhithbhunaithe agus ina dtáirgí bithbhunaithe — Einsímí (lena n-áirítear aimileáis agus ceallalós ach gan a bheith teoranta dóibh) a úsáidtear chun bunábhair a réamhchóireáil agus a thiontú ina mbithbhreoslaí, ina gceimiceáin bhithbhunaithe, ina n-ábhair bhithbhunaithe agus ina dtáirgí bithbhunaithe, nó a úsáidtear chun imoibrithe i bpróisis cheimiceacha a chatalú — Bithpholaiméirí

	Fochatagóirí de theicneolaíochtaí glan-nialasachta	Táirgí deiridh	Comhpháirteanna a úsáidtear go príomha chun críoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta
		— Einsímí (lena n-áirítear aimileáis agus ceallalós ach gan a bheith teoranta dóibh) a úsáidtear chun bunábhair a réamhchóireáil agus a thiontú ina mbithbhreoslaí, ina gceimiceáin bhithbhunaithe, ina n-ábhair bhithbhunaithe agus ina dtáirgí bithbhunaithe, nó a úsáidtear chun imoibrithe i bpróisis cheimiceacha a chatalú — Bithpholaiméirí	
Teicneolaíochtaí claochlaitheacha tionsclaíocha le haghaidh an dícharbónaithe	Teicneolaíochtaí claochlaitheacha tionsclaíocha le haghaidh an dícharbónaithe	— Stuafhoirnéisí leictreacha — Imoibreoirí iarainn laghdaithe go díreach atá réidh don hidrigin — Stuafhoirnéisí tumtha — Foirnéisí daibhche slaige oscailte — Mearchailcíneoirí — Coirí leictreacha tionsclaíocha — Téitheoirí/foirnéisí ionduchtaithe tionsclaíocha ([4]) — Téitheoirí/foirnéisí infridhearga tionsclaíocha — Téitheoirí/foirnéisí micreathonnacha tionsclaíocha — Téitheoirí/foirnéisí radathonnta tionsclaíocha — Téitheoirí/foirnéisí sainfhriotaíocha tionsclaíocha	— Leictreoidí graifíte nó carbóin le haghaidh foirnéisí leictreacha — Mearchailcíneoirí — Coirí leictreacha tionsclaíocha — Téitheoirí/foirnéisí ionduchtaithe tionsclaíocha — Cornaí ionduchtúcháin tionsclaíocha — Téitheoirí/foirnéisí infridhearga tionsclaíocha — Astaírí infridhearga tionsclaíocha — Téitheoirí/foirnéisí micreathonnacha tionsclaíocha — Maighnéatróin thionsclaíocha — Téitheoirí/foirnéisí radathonnta tionsclaíocha — Gineadóirí radaimhinicíochta — Téitheoirí/foirnéisí sainfhriotaíocha tionsclaíocha — Leictreoidí molaibdéinim le haghaidh foirnéisí leictreacha

	Fochatagóirí de theicneolaíochtaí glan-nialasachta	Táirgí deiridh	Comhpháirteanna a úsáidtear go príomha chun críoch na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta
Teicneolaíochtaí iompair agus úsáide CO_2	Teicneolaíochtaí iompair CO_2	— Bonneagar iompair CO_2	— Comhbhrúiteoiri CO_2
	Teicneolaíochtaí úsáide CO_2	— Úsáid theirmiceimiceach — Úsáid leictriceimiceach	— Catalaígh atá saincheaptha le haghaidh próiseas tiontaithe CO2 — Leictrealóirí CO_2
Teicneolaíochtaí tiomána gaoithe agus leictrí le haghaidh iompair	Teicneolaíochtaí tiomána gaoithe	— Rótair Flettner — Seolta sciatháin súite — Eitleoga tarraingthe — Seolta sciatháin dochta agus leathdhochta	
	Teicneolaíochtaí tiomána leictrí	— Córais tiomána leictrí le haghaidh iompar de bhóthar agus iompar eisbhóthair — Córais tiomána leictrí le haghaidh iompar d'iarnród — Córais tiomána leictrí le haghaidh uisce-iompair — Córais tiomána leictrí le haghaidh aeriompair	— Mótair leictreacha tiomána iompair — Buanmhaighnéid de mhótair leictreacha iompair — Ceallra-phacaí iompair — Breosla-chill iompair — Inbheartóirí iompair — Aonaid dáilte cumhachta ardvoltais tiomána leictrí — Luchtairí ar bord — Poirt luchtaithe — Umair stórála hidrigine ar bord — Tiomsaitheoirí cumhachta (lena n-airítear pantagraif)
Teicneolaíochtaí núicléacha eile	Teicneolaíochtaí núicléacha eile (mar shampla, teicneolaíochtaí comhleá núicléach)		

([1]) Tagraíonn an téarma 'coibhéis' do chéimeanna comhchosúla nó d'eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin a bhfuil gá leo le haghaidh teicneolaíochtaí tanascannáin, teicneolaíochtaí orgánacha, teicneolaíochtaí teaindim nó teicneolaíochtaí fótavoltacha eile.

([2]) Ceallraí mar a shainmhínítear in Airteagal 3(13), (14) agus (15) de Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola.

([3]) Tagraíonn an téarma 'córas bóithre leictreach' (ar a dtugtar luchtú dinimiciúil freisin) do threalamh feadh an bhóthair a sholáthraíonn cumhacht d'fheithiclí agus iad ag gluaiseacht. Áirítear luchtú seoltach agus ionduchtach araon sa táirge deiridh sin.

([4]) Tagraíonn an téarma 'téitheoir' d'fheidhmeanna teochta ísle (suas le 200 C) agus meánteochta (200 go 500 C). Tagraíonn an téarma 'foirnéis' d'fheidhmeanna ardteochta (500 go 1 000 C) agus teochta an-ard (níos airde ná 1 000 C).